# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

# Bainisteoir Cláir na Speicis Ionracha

**Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.**

**Dáta Deiridh d'Iarratais:**

**5in Dé Céadaoin an 31ú Eanáir 2024**

**(Ní bhreithneofar Iarratais Dhéanacha)**

## **Cúlra**

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta i mí na Nollag 2022, tar éis chinneadh an Rialtais an tionscnamh a chur ar bhonn níos sláine, chun an Ionad a chumhachtú agus a acmhainniú níos fearr chun tacú le comhiarracht náisiúnta na hÉireann chun caillteanas bithéagsúlachta a aisiompú agus cur le hathchóiriú an dúlra. Is é príomhról an Ionaid ná cur le tógáil an bhunachar eolais ar bhithéagsúlacht agus rianú a dhéanamh ar an athrú atá ag teacht air in Éirinn. Oibríonn sé lena chinntiú go mbíonn rochtain níos éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann le húsáid i dtaighde, i mbainistíocht caomhnaithe agus i gcinnteoireacht. Tá sé mar thosaíocht ag an tIonad a chinntiú go bhfuil rochtain éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis do phobail áitiúla agus do dhaoine aonair chun tuiscint níos fearr ar bhithéagsúlacht ag an leibhéal áitiúil a chur chun cinn.

Tá bonneagar digiteach bithéagsúlachta fairsing tógtha agus á bhainistiú ag an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun freastal ar go leor de na riachtanais náisiúnta um bhainistiú sonraí bithéagsúlachta. Tairgtear an bonneagar seo mar sheirbhís chomhroinnte d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cabhrú lena riachtanais bhainistíochta sonraí bithéagsúlachta agus chun slógadh sonraí a éascú. Mar thoradh air seo tá bunachar sonraí bithéagsúlachta náisiúnta ina bhfuil níos mó ná sé mhilliún taifead ar tharluithe speiceas de bheagnach 18,000 speiceas ag deireadh 2023. Bainistíonn an tIonad roinnt scéimeanna monatóireachta freisin chun an chaoi a bhfuil an bhithéagsúlacht ag athrú a rianú. Déanann líonra leathan eolaithe saoránach go leor díobh seo a sheachadadh.

Bainistíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta cláir oibre téamacha agus pleananna chun tacú le cur i bhfeidhm gnéithe de bheartas bithéagsúlachta. Baineann ceann de na príomhchláir oibre le Speicis Choimhthíocha Ionracha. Tá bonn mór eolais tógtha ag an tIonad maidir le speicis ionracha in Éirinn https://invasives.ie/, bainistíonn sé an bunachar sonraí Náisiúnta um Speicis Ionracha, cuireann sé foláirimh ar fáil maidir le speicis nua, agus soláthraíonn sé tacaíochtaí do ranna Rialtais maidir le cur i bhfeidhm agus tuairisciú Rialacháin an AE um Speicis Ionracha agus reachtaíocht an AE um Shláinte Plandaí. Beidh clár oibre leathnaithe ag an tIonad maidir le speicis choimhthíocha ionracha i 2024, agus seachadadh tionscadal mór ilbhliantúil arna mhaoiniú faoin tionscnamh um Speicis Ionracha agus Bithshlándála na nOileán Comhroinnte. Chun bainistiú éifeachtach chlár oibre iomlán an Ionaid um Speicis Ionracha a chinntiú, táimid ag iarraidh Bainisteoir Cláir na Speicis Ionracha a cheapadh le bheith ar fhoireann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Is deis spreagúil é seo don iarrthóir rathúil ról ceannaireachta a ghlacadh i seachadadh an bheartais phoiblí ar speicis ionracha agus caomhnú na bithéagsúlachta in Éirinn.

Chun sonraí a fháil faoi ról agus faoi obair an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta féach ar an suíomh gréasáin https://biodiversityireland.ie/.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí**

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Eolaíoch, beidh freagracht ort as seachadadh iomlán chlár oibre an Ionaid ar Speicis Ionracha. I measc na ndualgas go háirithe tá:

- Cláir oibre bliantúla um Speicis Ionracha a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisciú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ullmhú buiséid & bainistíocht buiséid
- Foireann na nOifigeach Tionscadail a oibríonn ar Speicis Ionracha a bhainistiú agus a chomhordú;
- Cur le Grúpaí Oibre Náisiúnta agus Idirnáisiúnta um Speicis Ionracha;
- Comhairle theicniúil ar speicis ionracha a sholáthar don Ionad Sonraí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta;
- Tuarascálacha agus aighneachtaí a ullmhú don Bhord agus don Fhoireann Ardbhainistíochta ar sheachadadh an chláir;
- Tacú le Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) maidir le cur i bhfeidhm agus tuairisciú faoi Rialacháin an AE um Speicis Choimhthíocha Ionracha;
- Comhordú a dhéanamh ar tháirgeadh na Straitéise Náisiúnta um Bainistíocht Speicis Ionracha;
- Clár oibre tionscnamh Speicis Ionracha agus Bithshlándála na nOileán Comhroinnte a bhainistiú;
- Cur le hobair ghinearálta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de réir mar a iarrtar;
- Tabhairt faoi dhualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham;
- A chinntiú go ndéantar bainistiú gníomhach ar shláinte agus ar shábháilteacht agus go gcuirtear cultúr dearfach sláinte agus sábháilteachta chun cinn;

**Critéir Riachtanacha don ról**

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina litir chumhdaigh agus Curriculum Vitae go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir a shainaithnítear don phost. Caithfidh gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí chun an t-iarratas comhlánaithe a chur isteach;

Céim aitheanta, Leibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, in ábhar atá ábhartha don bhithéagsúlacht m.sh. eolaíocht an chomhshaoil, éiceolaíocht, domhaneolaíocht/eolaíocht nádúrtha, zó-eolaíocht, luibheolaíocht, bainistíocht acmhainní nádúrtha,

Agus/nó

Cáilíocht iarchéime ábhartha Leibhéal 9 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a shealbhú in ábhar atá ábhartha don bhithéagsúlacht m.sh. eolaíocht an chomhshaoil, éiceolaíocht, domhaneolaíocht/eolaíocht nádúrtha, zó-eolaíocht, luibheolaíocht, bainistíocht acmhainní nádúrtha.

- Taithí iarchéime ábhartha cúig bliana ar a laghad a bheith acu i réimse a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, agus bhí obair ar speicis choimhthíocha ionracha i gceist le trí cinn ar a laghad;
- Taithí agus eolas ar bheartas agus ar chleachtas maidir le speicis ionracha;
- Eolas a bheith acu ar reachtaíocht reatha, ar shaincheisteanna agus ar dhúshláin maidir le saincheisteanna speicis choimhthíocha ionracha in Éirinn;
- Taithí phraiticiúil a bheith acu ar bhainistíocht tionscadal agus ar phróisis tuairiscithe atá oiriúnach do Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR);
- Taithí ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht pháirtithe,
- Taithí a bheith acu ar bhainistíocht sonraí agus modhanna anailíse, ag baint úsáide as éagsúlacht bogearraí lena n-áirítear Córais Faisnéise Geografaí (CFG);
- Scileanna maithe taighde agus scríbhneoireacht tuarascálacha a bheith acu;
- Scileanna maithe eagrúcháin agus bainistíochta a bheith acu;
- Scileanna spreagtha, cumarsáide agus idirphearsanta den scoth a bheith acu;
- An cumas oibriú go neamhspleách agus i dtimpeallacht foirne le scileanna láidre eagrúcháin agus bainistíochta ama;

Beifear ag súil go ndéanfaidh gach iarrthóir rathúil:

- Cur le heagrú agus rannpháirtíocht na gcomhdhálacha ar speicis ionracha nó imeachtaí eagraíochta eile de réir mar is gá.
- Ailt a chur leis an iris *Bithéagsúlacht na hÉireann* agus foilseacháin ábhartha eile.
- Tiomantas d'oiliúint ghairmiúil leanúnach a thaispeáint chun a gcumas an ról a chomhlíonadh a fheabhsú agus toilteanas freastal ar chúrsaí oiliúna agus ar chomhdhálacha ábhartha mar a sainaithníodh.
- Tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn na gclár oibre a sholáthar don Phríomhoifigeach Eolaíoch, agus do chruinnithe ráithiúla Bhord an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus tuarascálacha bliantúla.
- Gach riachtanas Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.
- Bheith inoiriúnaithe agus solúbtha, le cumas chun glacadh le hathrú, scileanna nua a fhoghlaim go tapa agus freagrachtaí breise a ghlacadh mar chuid d'eagraíocht nuafhorbartha.

- Tiomantas do mheas agus dínit do chách, mar aon leis an gcumas oibriú go dearfach le comhghleacaithe, le comhoibrithe agus le hoiliúnaithe ó raon éagsúil cúlraí.
- Cearta oibre iomlána a bheith acu in Éirinn.

Ós rud é go bhfuil an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ina chéim bhunaíochta tosaigh mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR), beidh an timpeallacht oibre dinimiciúil agus éabhlóideach, ag iarraidh ar gach ball foirne glacadh le agus déileáil le hathrú agus freagrachtaí nua a ghlacadh orthu féin de réir mar a thagann siad aníos. Mar thoradh air sin, níor cheart breathnú ar na freagrachtaí atá leagtha amach sa jabthuairisc seo mar raon feidhme cuimsitheach agus féadfar níos mó a chur leis nó a athrú de réir mar is gá, ag teacht le riachtanais an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

**Tuairisciú**

Tuairisceoidh an Bainisteoir Cláir don Phríomhoifigeach Eolaíoch.

**Inniúlachtaí don Ról**

Caithfidh an t-iarrthóir rathúil a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha aige/aici atá riachtanach don phost seo. Tá na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach in aguisín 1.

**COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

**Tionacht**

Tá an post lánaimseartha agus buan.

**Tuarastal**

Is é scála tuarastail an phoist ná: €55,000 – €56,500 – €58,500 – €60,000 – €61,500 – €63,000 – €65,000, agus incrimintí á mbronnadh go bliantúil, faoi réir feidhmíocht shásúil sa ról. Ina theannta sin, tá dhá Incrimint Fadseirbhíse (IFS) de €67,000[1] agus €69,000[2]. IFS 1 tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag an

uasleibhéal tuarastail ar an scála thuas, agus IFS 2 tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ag an uasleibhéal tuarastail ar an scála thuas.

**Saoire Bhliantúil**

Teidlíocht 29 lá saoire bhliantúil, ag ardú go 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse.

**Áit oibre**

Tá ceanncheathrú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta suite ag Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), An Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03. Tá beartas oibre hibrideach i bhfeidhm ag an gcuideachta faoi láthair, atá faoi réir athraithe chun freastal ar riachtanais an ghnó. Éilíonn an beartas go n-oibreoidh an fhoireann ó oifigí na cuideachta ar feadh dhá lá sa tseachtain ar a laghad.

Beidh ar gach ball foirne freastal ar chruinnithe foirne míosúla i láthair go pearsanta ag oifigí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i bPort Láirge, a bhíonn ar siúl de ghnáth ar an gcéad Luan de gach mí.

**Uaireanta Tinrimh**

Is í an ghnáthsheachtain oibre ná 37.5 uair, 09.00 – 17.30 Luan go hAoine, agus uair an chloig don lón.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um amanna oibre. Ní bhainfidh rátaí ragoibre le huaireanta breise a oibreofar lasmuigh de ghnáthuaireanta.

**Pinsean**

Soláthróidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ranníocaíocht pinsin 5% do Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta an fhostaí.

**Promhadh**

Beidh tréimhse tar éis don cheapachán teacht in éifeacht lena sealbhóidh an duine ceaptha a fostaíocht/fhostaíocht ar phromhadh. Sé mhí a bheidh sa tréimhse sin. Féadfaidh duine éirí as a leithéid d'fhostaíocht ag deireadh na tréimhse seo faoi lánrogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé beartaithe é a bheith mar liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.

**PRÓISEAS IARRATAIS**

**Modhanna Roghnúcháin**

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith sa phróiseas roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú.

Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chinnfidh líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Déanfaidh an ghníomhaireacht earcaíochta an gearrliostú thar ceann an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in aghaidh na gcritéar atá sonraithe don phost agus ar bhonn na faisnéise atá i litir chlúdaigh agus curriculum vitae (C.V.) an iarrthóra amháin. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá an líon a dhéanann iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an ghníomhaireacht earcaíochta a chinneadh go nglaofar líon níos lú chuig an gcéad chéim eile den próiseas roghnúcháin. Ina leith sin, úsáidfidh an ghníomhaireacht earcaíochta próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú, bunaithe ar scrúdú ar an C.V. agus an litir chlúdaigh, maidir leis na hiarrathóirí is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, bunaithe ar a n-iarratas, go ndealraíonn sé go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Féadfaidh na critéir riachtanacha agus inmhianaithe araon a shonraítear don phost a bheith ar áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Tá sé chun do leasa féin mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a sholáthar ar do cháilíochtaí/taithí i do litir chumhdaigh agus do C.V.

- Agallamh a bhféadfadh cur i láthair nó cleachtadh eile a bheith i gceist leis

- Dara agallamh a bhféadfadh cur i láthair nó cleachtadh eile a bheith i gceist leis.
- Féadfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta painéal a chruthú ónar féidir folúntais ag an ngrád sonraithe a líonadh amach anseo.

Tá sé i gceist agallaimh a reáchtáil le linn na seachtaine dar tús 5ú Feabhra 2024 ag oifigí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), An Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03. Is féidir freastal ar Agallaimh Chianda ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus dosheachanta. Tá an t-agallaí freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain aige/aici ar áiseanna dóthanacha chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne.

Ní bheidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freagrach as aon chostas a d'fhéadfadh a bheith ar iarrthóir agus é/í ag freastal ar agallamh.

**Teistiméireachtaí**

Bheadh sé úsáideach dá dtosódh tú ag smaoineamh ar ainmneacha na ndaoine a bheadh mar mholtóirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá d'fhostóir reatha a áireamh leis na moltóirí ach ba cheart go mbeidís in ann teistiméireacht a sholáthar duit; ba cheart go mbeadh ceann amháin díobh seo ar a laghad ina dhuine a raibh caidreamh díreach tuairiscithe agat leo. Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin má thagann tú faoi bhreithniú tar éis na céime agallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat san agallamh, go mbeidh teistiméireacht de dhíth orainn ó d'fhostóir reatha roimh mholadh do cheapachán.

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Chun iarratas a dhéanamh, cuir isteach curriculum vitae cuimsitheach (C.V.) a thaispeánann go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo. Ní mór duit freisin litir chumhdaigh (gan a bheith níos mó ná trí leathanach) a chur isteach, le teideal an róil sa líne ábhair, ag cur síos ar an bhfáth a bhfuil suim agat sa deis agus an áit a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, eolas agus taithí riachtanais an róil. Seol ríomhphost le do C.V. agus litir chumhdaigh chuig **ciara@excelrecruitment.com**

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do chomhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá míchumas ort nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit sinn a chur ar an eolas chun a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Ní bheidh aon tionchar ar an bpróiseas roghnúcháin ag éileamh coigeartuithe nó freastal réasúnach agus déileálfar leis an bhfaisnéis go léir a nochtfar faoi rún daingean.

**<u>Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar</u>**

Ní bheidh aon éileamh chun comaoin breise ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh cibé áit agus cibé am a éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, nó nach dtugann, nuair a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

**<u>An Tréimhse Glactha</u>**

Éileoidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar an duine dá dtairgtear ceapachán glacadh leis an gceapachán laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí agus má theipeann air/uirthi glacadh leis an gceapachán laistigh de cibé tréimhse nó cibé tréimhse níos faide mar a chinneann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta dá rogha féin, ní cheapfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta é/í.

**<u>Ag canbhasáil</u>**

Iarracht ar bith ó iarrthóir, nó ó aon duine/daoine a ghníomhaíonn ar thionscnamh an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí chumarsáid scríofa nó ar shlí eile tionchar a imirt i bhfabhar an iarrthóra, ar aon bhall d'fhoireann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó ar dhuine ainmnithe ar bith ag an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun iarratasóirí a chur faoi agallamh nó a scrúdú, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpost atá á lorg.

**<u>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána</u>**

Féadfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith daoine aonair a thagann faoi bhreithniú lena gceapadh.

**<u>Sláinte</u>**

Beidh iarrthóirí i riocht sláinte a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach acu maidir le cumas chun seirbhís rialta agus éifeachtach a dhéanamh. D'fhonn an ceanglas maidir le sláinte a shásamh

d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don iarrthóir rathúil, sula gceapfar é/í, dul faoi scrúdú dochtúra ag liachleachtóir cáilithe le bheith ainmnithe ag an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

**Fiosrúcháin/Tuilleadh Faisnéise**

Má theastaíonn faisnéis bhreise uait nó chun plé rúnda a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost le do thoil chuig: ciara@excelrecruitment.com

**EOLAS GINEARÁLTA**

**Comhlíonadh Dlíthiúil**

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha ar fad le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014.

**Comhlíonadh RGCS**

Bailíonn, próiseálann agus stórálann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sonraí pearsanta, mar a sholáthraíonn iarratasóirí agus iad ag cur isteach ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a sholáthraíonn iarratasóirí a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a choinneáil agus a scriosadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

**Úsáid Gléasanna Taifeadta**

Tá cosc ar threalamh taifeadta a úsáid le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

**Oibleagáidí na nIarrthóirí**

Ní cheadaítear d’iarrthóirí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar go feasach. Ní cheadaítear d’iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas iomaíochta nó é a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

**Iarratas ar Aiseolas**

Cuirfear aiseolas ar fáil ag deireadh an phróisis roghnúcháin. Más gá a thuilleadh aiseolais is féidir é seo a iarraidh trí ríomhphost a sheoladh chuig: ciara@excelrecruitment.com

**AGUISÍN 1.**

Príomhinniúlachtaí don phost seo

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | Rannchuidíonn siad go gníomhach le forbairt straitéisí agus beartais na hEagraíochta |
| | Tugann siad fócas agus treallús chun ardleibhéil feidhmíochta a thógáil agus a chothú, ag tabhairt aghaidh ar aon cheisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn |
| | Treoraíonn agus uasmhéadaíonn siad ranníocaíocht na foirne ina hiomláine |
| | Breithníonn siad ar éifeachtúlacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a limistéar féin |
| | Sainmhíníonn siad go soiléir cuspóirí/spriocanna & tarmligean siad go héifeachtach, ag spreagadh úinéireacht agus freagracht as tascanna |
| | Fobraíonn siad cumas daoine eile trí aiseolas, oiliúint a chruthú agus deiseanna a chruthú chun scileanna a fhorbairt |
| | Aithníonn siad bealaí seachadta seirbhíse nua agus nuálaíocha agus glacann siad deiseanna chun iad a shaothrú |

| | |
|---|---|
| Anailís & Cinnteoireacht | Déanann siad taighde críochnúil ar shaincheisteanna, ag dul i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis go léir a theastaíonn ar shaincheist a bhailiú |
| | Tuigeann siad saincheisteanna casta go tapa, ag ionsú agus ag meastóireacht sonraí go cruinn (sonraí uimhriúla san áireamh) |
| | Comhtháthaíonn siad snáitheanna éagsúla faisnéise, ag aithint idirghaolta agus naisc |
| | Déanann siad cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe ar shaincheisteanna tábhachtacha |
| | Breithníonn siad impleachtaí níos leithne na gcinntí ar raon páirtithe leasmhara |
| | Bíonn seasamh daingean aige/aici ar cheisteanna a mheasann sé/sí a bheith tábhachtach |

| | |
|---|---|
| Bainistiú & Seachadadh Torthaí | Glacann sé/sí freagracht as tascanna dúshlánacha agus seachadann sé/sí in am agus ar ardchaighdeán |
| | Déanann siad obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta i dtéarmaí tábhachta, scálaí ama agus srianta acmhainní eile, ag tabhairt tosaíochta in athuair i bhfianaise imthosca athraitheacha |
| | Cinntíonn siad go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtúil do chustaiméirí lárnach d'obair na heagraíochta |

| | |
|---|---|
| | Féachann siad go criticiúil ar cheisteanna le féachaint conas is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr |
| | Tá siad oscailte do smaointe nua, do thionscnaimh agus do réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna |
| | Cinntíonn siad go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha agus ardluacha a sholáthar |
| | Bainistíonn siad tionscadail iolracha go héifeachtach |

| | |
|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide | Cuireann siad eolas i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn |
| | Spreagann siad plé oscailte agus fiúntach maidir le saincheisteanna oibre |
| | Cuireann siad obair foirne chun cinn laistigh den rannóg, ach oibríonn siad go héifeachtach freisin ar thionscadail ar fud na heagraíochta |
| | Coinníonn siad guaim agus smacht agus iad ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile |
| | Cuireann siad béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina c(h)uid réimse |
| | Forbraíonn agus cothaíonn siad líonra teagmhálaithe chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú |
| | Idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht déanta beartas, maoinitheoirí, an pobal eolaithe saoránach agus an pobal i gcoitinne |

| | |
|---|---|
| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt | Tuiscint shoiléir ar róil, cuspóirí agus spriocanna an duine féin agus na foirne agus an chaoi a n-oireann siad d'obair na heagraíochta |
| | Tá eolas fairsing agus domhain acu ar shaincheisteanna eagraíochtúla agus tá siad tuisceanach do bheartas níos leithne agus do thosaíochtaí eagraíochtúla |
| | Measann geallsealbhóirí gur saineolaí iad ina réimse féin |
| | Dírithe ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis chun cabhrú le sainriachtanais an róil a chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| Treallús agus Tiomantas don Leas Coiteann | Féin-spreagtha agus léiríonn siad fonn feidhmiú go leanúnach ar leibhéal ard |
| | Tá siad macánta go pearsanta agus iontaofa agus is féidir brath orthu |
| | Cinntíonn siad go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil |
| | Trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, cothaítear na caighdeáin is airde eitice agus ionracais |